



## MRSA Stafalacocas Aureus Meiticillinfhriotaíoch Eolas d’Othair agus Cuairteoirí

### Cad é MRSA?

Seasann MRSA do Stafalacocas Aureus Meiticillinfhriotaíoch (Methicillin Resistant Staphylococcus Aureus). Uaireanta tugtar “Staf Aureus” ar Stafalacocas Aureus (Staf-ala-coc-as –sin mar a fuaimnítear é). Is frídín comónta é a mhaireann ar an gcraiceann nó i srón duine as gach triúr gan aon dochar a dhéanamh. Is cineál Staf Aureus é MRSA a éiríonn friotaíoch i gcoinne antaibheathaigh éagsúla.

Iompraíonn formhór na ndaoine an MRSA ar a gcoirp nó ina srón agus ní chuireann sé isteach orthu. Tugtar “cóilíniú” ar an mbealach seo a n-iompraíonn daoine an frídín gan aon dochar a dhéanamh. Má éiríonn leis an MRSA dul isteach sa cholainn, áfach, cuireann sé ionfhabhtú ar dhuine. Má bhíonn duine tinn cheana féin, is mó an chontúirt go dtarlódh seo, go mór mhór dóibh siúd atá san ospidéal de bharr tinneas trom. Tugtar ionfhabhtú “logánach” ar fhormhór na n-ionfhabhtuithe MRSA, cosúil le neascoidí, easpaí nó créachtaí ionfhabhtaithe. Tá sé éasca iad seo a chóireáil. I líon beag daoine, áfach, is féidir le MRSA a bheith ina chúis le h-ionfhabhtuithe tromchúiseacha mar septicéime (“galrú sruth na fola” nó “nimhiú fola”).

### Conas a mbíonn a fhios agat go bhfuil MRSA ar dhuine?

Tá daoine ann a bhfuil MRSA á n-iompar acu agus ní dhéanann sé dochar ar bith dóibh. Ní bhreathnaíonn duine a bhfuil ionfhabhtú MRSA air /uirthi éagsúil ó dhuine a bhfuil ionfhabhtú air/uirthi ar frídín eile is cúis leis. Is é an t-aon bhealach chun go mbeidh a fhios againn go bhfuil MRSA ar dhuine nó gur MRSA an chúis leis an ionfhabhtú ná, trí tástáil saotharlainne a dhéanamh ar shampla ó chréacht, ful, ful, srón nó ó pháirt éigin eile den cholainn. Má aimsítear MRSA i sampla ciallaíonn sin go bhfuil MRSA ar cholainn an duine sin.

### Conas a dtolgann duine MRSA?

Is iad na daoine is mó atá i gcontúirt an MRSA a tholg ná daoine atá tar éis tréimhse fada a chaitheamh san ospidéal nó a bhfuil tinneas fad-téarmach orthu, nó a fuair a lán antaibheathaigh. San ospidéal, aistríonn an MRSA ó dhuine go duine ar lámha baill foirne nó cuairteoirí, ó threalamh cúram othair, nó ó éilliu sa timpeallacht ospidéil. Scaipeann MRSA aon áit a bhfuil plódú agus in áit a n-úsáidtear a lán antaibheathaigh.

### Cén éifeacht a bhíonn ag MRSA ar chúram dhuine san ospidéal?

Cé go mbíonn MRSA á n-iompar ag formhór na ndaoine gan aon dochar dóibh, bíonn beartas ag ospidéil chun cosc a chur ar scaipeadh MRSA chuig daoine eile trí riosca ionfhabhtuithe tromchúiseacha MRSA a laghdú. Uaireanta cuirtear othair atá ag iompar MRSA i seomra leo féin, nó i gcuid de bharda ar leith le daoine eile a bhfuil MRSA orthu. Uaireanta, tugtar seampú antaiseipteach colainne agus gruaige d’othair chomh maith le uachtar antaiseipteach sróine, chun iarracht a dhéanamh fáil réidh leis an bhfrídín. Tógtar maipíní ón srón agus ó áiteanna eile ar an gcolainn tar éis na cóireála seo, chun a fháil



amach an bhfuil an MRSA ann i gcónaí. Má bhíonn ionfhabhtú MRSA ar dhuine, tugtar cóireáil dóibh le h-antaibheathaigh infhéitheacha m.sh. le ‘diltálaire’.

### **An féidir le teaghlaigh agus cairde cuairt a thabhairt ar dhuine san ospidéal a bhfuil MRSA air/uirthi?**

Ní chuireann MRSA isteach ar dhaoine sláintiúla, lena n-áirítear mná torracha, páistí agus leanaí. Níl aon chontúirt de ghnáth don phobal ginearálta agus mar sin is féidir le teaghlaigh agus cairde cuairt a thabhairt. Iarrtar ar chuirteoirí a gcuid lámha a ghlacadh tar éis cuairt a thabhairt ar dhuine a bhfuil MRSA air/uirthi, ionas nach scaipfear MRSA ar dhaoine eile. Má chabhraíonn an teaghlaigh le cúram fhisiciúil an duine a bhfuil MRSA air/uirthi san ospidéal, curfidh an fhoireann altranais ar an eolas iad faoi na réamhchúram breise a theastaíonn.

### **An féidir le h-othair dul abhaile le MRSA?**

Is féidir. Ligtear daoine a bhfuil MRSA orthu abhaile má bhíonn siad ábalta de réir míochaine. Cailleann formhór na ndaoine an MRSA nuair a fhágann siad an t-ospidéal agus a chríochnaíonn siad na h-antaibheathaigh. Níl gaolta, cairde agus páistí duine a bhfuil MRSA air /uirthi agus a scoiltear abhaile ón ospidéal in aon chontúirt.

### **Cad a tharlaíonn má bhíonn ar dhuine le MRSA dul isteach san ospidéal arís?**

Má bhí MRSA ar dhuine roimhe seo, tógfar maipíní le breathnú an bhfuil an MRSA air/uirthi i gcónaí. B’fhéidir go gcoinneofar i seomra singil é/í go dtí go mbeidh toradh na maipíní ar fáil.

### **Cén áit a bhfaighfidh mé níos mó eolas?**

Níor chóir go mbeadh drogall ar othair ná ar a ghaolta tuilleadh eolais a iarriadh ar an bhfoireann míochaine nó altranais faoin MRSA. Tá tuilleadh eolais ar fáil ón bhfoireann um chosc agus rialú ionfhabhtuithe san ospidéal.

Tá tuilleadh eolais faoi MRSA ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas: [www.hpsc.ie](http://www.hpsc.ie)

Tá leathanach “Ceisteanna Coitianta” ag an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte faoi Staf Aureus agus MRSA sa roinn “Topics A-Z” dá láithreáin ghréasáin. Tá eolas faoin leibhéal reatha MRSA agus ionfhabhtuithe eile in Éirinn ar fáil sa roinn EARSS den láithreáin ghréasáin seo freisin

[www.hpa.org.uk](http://www.hpa.org.uk)

Tá eolas faoi chúlra an MRSA sa roinn “Topics A-Z” i láithreáin ghréasáin an Gníomhaireacht um Chosaint Sláinte (Sasana).

[www.cdc.gov](http://www.cdc.gov)

Tá eolas faoin MRSA ag Lárionad um Chosc agus Rialú Galair SAM (CDC) faoi “A-Z Index”

[www.amm.co.uk](http://www.amm.co.uk)

Tá bileog eolais ag Micribhitheolaithe Mhíochaine an RA faoin MRSA sa roinn ina bhfuil foilseacháin ar a láithreán ghréasáin.



Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte  
Health Service Executive



Eisithe ar son an Fho-Choiste um Rialú Ionfhabhtuithe den Straitéis um Rialú  
Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Fhrithmhíocróbaigh in Éirinn (SARI)